2024/3020

6.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3020 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

maidir le haicmiú earraí áirithe san Ainmníocht Chomhcheangailte

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 57(4) agus Airteagal 58(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go gcuirtear an Ainmníocht Chomhcheangailte atá i gceangal le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([2]) i bhfeidhm go haonfhoirmeach, is gá bearta a ghlacadh maidir le haicmiú na n-earraí dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(2) Le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 leagadh síos na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte. Tá feidhm ag na rialacha sin freisin maidir le haon ainmníocht eile atá bunaithe go hiomlán uirthi nó a bhfuil cuid di bunaithe uirthi nó a chuireann aon fhoroinn bhreise léi agus a bhunaítear le forálacha sonracha de chuid an Aontais, d'fhonn bearta taraife agus bearta eile i ndáil le trádáil in earraí a chur i bhfeidhm.

(3) De bhun na rialacha ginearálta sin, na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, ba cheart iad a aicmiú faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2), de bhua na gcúiseanna a leagtar amach i gcolún (3) den tábla sin.

(4) Is iomchuí a fhoráil, i ndáil le faisnéis taraife cheangailteach arna heisiúint i leith na n-earraí a bhaineann leis an Rialachán seo ar faisnéis í nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, go bhféadfaidh an sealbhóir, ar feadh tréimhse áirithe, leanúint den fhaisnéis sin a agairt i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Is tréimhse 3 mhí ba cheart a bheith sa tréimhse sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Na hearraí a bhfuil tuairisc orthu i gcolún (1) den tábla a leagtar amach san Iarscríbhinn, aicmeofar iad san Ainmníocht Chomhcheangailte faoin gcód AC a luaitear i gcolún (2) den tábla sin.

Airteagal 2

Faisnéis taraife cheangailteach nach bhfuil i gcomhréir leis an Rialachán seo, féadfar í a agairt fós i gcomhréir le hAirteagal 34(9) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 go ceann tréimhse 3 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.
([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1987/2658/oj).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin,

Ar son an Uachtaráin,

Gerassimos THOMAS

An tArd-Stiúrthóir

Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Chustaim

IARSCRÍBHINN

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
Bioranna pípéad, mar a thugtar orthu, atá déanta as plaistigh thréshoilseacha pholapróipiléine, ar a bhfuil cabhail shorcóireach agus bior cónúil, de thrastomhais agus faid éagsúla. Is comhpháirteanna inmhalartaithe indiúscartha iad na bioranna pípéad ar féidir iad a fheistiú i ngaireas pípéadaithe agus in uathchórais dáileogaithe (róbait dáileogaithe). Tá na táirgí sin deartha lena n-úsáid i bhfeidhmeanna éagsúla diagnóiseacha agus taighde ar leith chun méideanna beaga beachta leachtanna a aistriú go cruinn agus go comhsheasmhach. (Féach ar an íomhá) (*)	3926 90 97	Cinntear an t-aicmiú le rialacha ginearálta 1 agus 6 maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte agus le foclaíocht na gcód AC 3926, 3926 90 agus 3926 90 97. Cé go bhfuil na bioranna pípéad oiriúnach lena n-úsáid leis an ngaireas pípéadaithe agus leis na huathchórais dáileogaithe faoi cheannteideal 8479 amháin, nó leo sin go príomha, agus go bhfuil baint shuntasach acu le hionsú agus dáileogú beacht an leachta, ní féidir iad a mheas mar chodanna de na gairis sin, ós rud é go bhfuil siad ina gcomhpháirteanna inmhalartaithe agus indiúscartha. Thairis sin, cé nach féidir le gaireas pípéadaithe nó uathchóras dáileogaithe a fheidhm a chomhlíonadh gan na bioranna pípéad, suitear mar sin féin nach bhfuil feidhmiú meicniúil agus leictreach na meaisíní sin ag brath ar na bioranna pípéad. Dá bhrí sin, eisiatar an t-earra a aicmiú faoi cheannteideal 8479 mar chodanna den ghaireas pípéadaithe. (Féach freisin an breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 19 Iúil 2012 i gCás C-336/11, Rohm & Haas Electronic Materials CMP Europe GmbH agus Páirtithe Eile, ECLI:EU:C:2012:500, míreanna 35-39.) Mar gheall ar a saintréithe oibiachtúla, tá na táirgí le haicmiú de réir a gcomhábhair, faoi cheannteideal 3926, nithe as plaistigh. Dá bhrí sin, is faoi chód AC 3926 90 97 atá an na táirgí le haicmiú, faoi nithe eile as plaistigh.

Tuairisc ar na hearraí	Aicmiú (Cód AC)	Cúiseanna
(1)	(2)	(3)
		

(*) Is le faisnéis a thabhairt, agus lena aghaidh sin amháin, atá an íomhá anseo.